Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Feabhra 2023**
**(OR. en)**

**6573/23**

**CONOP 12**
**CFSP/PESC 296**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle i ndáil leis an 5ú Comhdháil Athbhreithnithe den Choinbhinsiún maidir le hAirm Cheimiceacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, conclúidí ón gComhairle i ndáil leis an dí-armáil cheimiceach agus an neamhleathadh chun seasamh an Aontais a shainiú mar ullmhúchán don chúigiú seisiún speisialta den Chomhdháil Athbhreithniúcháin ag na Stáit is Páirtithe sa Choinbhinsiún ar oibríocht arm ceimiceach maidir le Toirmeasc ar Fhorbairt, Táirgeadh agus Stoc-Charnadh Arm agus úsáid arm ceimiceach agus maidir lena nDíothú, a reáchtálfar sa Háig, an 15-19 Bealtaine 2023, mar a d’fhormheas an Chomhairle iad an 20 Feabhra 2023.

**Conclúidí ón gComhairle i ndáil leis an dí-armáil cheimiceach agus an neamhleathadh mar ullmhúchán don chúigiú seisiún speisialta den Chomhdháil Athbhreithniúcháin ag na Stáit is Páirtithe sa Choinbhinsiún ar oibríocht arm ceimiceach maidir le Toirmeasc ar Fhorbairt, Táirgeadh agus Stoc-Charnadh Arm agus úsáid arm ceimiceach agus maidir lena nDíothú, an Háig, an 15-19 Bealtaine 2023**

1. Tá an tAontas Eorpach ina thacaíocht do thoirmeasc agus díothú iomlán na n-arm ceimiceach agus do chomhrac na saoirse ó phionós i gcás úsáid arm ceimiceach. Creideann an Chomhairle go láidir nach féidir glacadh le húsáid arm ceimiceach, lena n-áirítear ceimiceáin thocsaineacha a úsáid mar airm, bíodh an duine sin ina ghníomhaire stáit nó neamhstáit, in aon áit, in aon ndálaí, agus nach mór a leithéid a cháineadh go géar. Sárú an dlí idirnáisiúnta a bheadh ann, agus coir chogaidh, b'fhéidir nó coir in aghaidh na daonnachta, lena chois. Ós rud é nárbh fhéidir aon saoirse ó phionós a bheith ann agus nár mhór iad siúd a bheadh freagrach as gníomhartha gránna den sórt sin a thabhairt chun cuntais, tá rún daingean ag an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit leanúint dá dtiomantas don chúis sin, go háirithe tríd an gComhpháirtíocht i gcoinne na Saoirse ó Phionós i gcás Úsáid Arm Ceimiceach.

2. Is díol sásaimh don Aontas Eorpach gur eisíodh an tríú tuarascáil ón bhFoireann um Imscrúdú agus Sainaithint chuig Comhairle Feidhmiúcháin na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) agus chuig Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe an 27 Eanáir 2023. Is é conclúid na tuarascála go bhfuil forais réasúnacha ann a chreidiúint gur úsáid Aerfhórsa Arabach na Siria clóirín le linn ionsaí míleata, an 7 Aibreán 2018, in Douma, i bPoblacht Arabach na Siria, inar maraíodh 43 dhuine agus inar fhulaing na scórtha eile.

3. Cáineann an tAontas Eorpach go láidir an úsáid a bhain Aerfhórsa Arabach na Siria as airm cheimiceacha, de réir na conclúide ar ar thángthas sa tuarascáil. Tacaímid go hiomlán le torthaí na dtuarascálacha lena ndearbhaítear a thuilleadh gur theip ar Phoblacht Arabach na Siria go córasach a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoin gCoinbhinsiún maidir le hAirm Cheimiceacha (CWC) agus faoi Rún 2118 (2013) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Cuireann tuairisciú gairmiúil na Foirne um Imscrúdú agus Sainaithint go mór leis na hiarrachtaí chun deireadh a chur le saoirse ó phionós i gcás úsáid arm ceimiceach.

4. Measann an Chomhairle gur ionstraim lárnach i ndáil le dí-armáil agus neamhleathadh é an Coinbhinsiún maidir le Toirmeasc ar Fhorbairt, Táirgeadh, Stoc-Charnadh agus Úsáid Arm Ceimiceach agus maidir lena nDíothú, a tháinig i bhfeidhm an 29 Aibreán 1997, agus nach mór a shláine agus a chur i bhfeidhm docht a ráthú go hiomlán chun an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a choimirciú. I ndáil leis an méid sin, tá an Chomhairle suite de go bhfuil an Coinbhinsiún, ó bunaíodh é 25 bliana ó shin, tar éis an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a threisiú go mór trí norm domhanda a bhunú i gcoinne úsáid arm ceimiceach agus trí chomhar idirnáisiúnta a neartú chun airm cheimiceacha a dhíothú agus a dteacht chun cinn in athuair a chosc ar fud an domhain.

5. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn suntasach a rinneadh maidir le stoc-chairn dhearbhaithe cheimiceacha a scriosadh. Faoin 31 Deireadh Fómhair 2022, scriosadh 99.4 % de stoc-charn dearbhaithe ceimiceach an domhain ar bhonn infhíoraithe agus tá an t-aon stát a bhfuil airm cheimiceacha fós ina sheilbh ar an mbóthar ceart chun an stoic atá fágtha a scriosadh faoin 30 Meán Fómhair 2023.

6. Tá CWC ar cheann de na córais idirnáisiúnta dí-armála agus neamhleata is fairsinge ó thaobh ballraíochta de. Ní mór cumhdach domhanda a bheith ina chuspóir i gcónaí agus, dá bhrí sin, ba cheart leanúint den tathant ar Stáit nach páirtithe iad in CWC dul isteach sa Choinbhinsiún sin. Leanfaimid dár n-iarrachtaí diongbháilte go mbainfear uilíocht an Choinbhinsiúin amach agus go mbeidh daonra iomlán an domhain faoi chosaint an Choinbhinsiúin.

7. Goilleann sé go mór ar an gComhairle go bhfuil an comhphobal idirnáisiúnta fós ag dul i ngleic le húsáid arm ceimiceach. Cháin an Chomhairle go láidir an úsáid chruthaithe a baineadh as airm cheimiceacha sa tSiria ó 2013 i leith, sa Ríocht Aontaithe in 2018 agus sa Rúis in 2020. Baineadh úsáid as airm cheimiceacha san Iaráic agus sa Mhalaeisia freisin. Mar fhreagairt ar an úsáid arm ceimiceach a bheith ag teacht chun cinn in athuair, an 15 Deireadh Fómhair 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh lena mbunaítear córas beart sriantach i gcoinne leathadh agus úsáid arm ceimiceach. D'fhorchuir an Chomhairle smachtbhannaí freisin faoi chuimsiú an Chórais Dhomhanda Smachtbhannaí i ndáil le Cearta an Duine, a bunaíodh an 7 Nollaig 2020. Tá an Chomhairle faoi réir le breithniú a dhéanamh ar bhearta breise de réir mar is iomchuí, agus leanfaidh sí den obair chun cuntasacht iomlán a áirithiú dóibh siúd atá freagrach as na coireanna gránna sin.

8. Creideann an Chomhairle go láidir go bhfuil sé de fhreagracht ar an gcomhphobal idirnáisiúnta déantóirí aon ionsaí ina n-úsáidtear airm cheimiceacha a shainaithint agus a thabhairt chun cuntais. I ndáil leis an méid sin, tacaíonn an Chomhairle go láidir le cur chun feidhme leanúnach an chinnidh a ghlac an Ceathrú Seisiún Speisialta de Chomhdháil na Stát is Páirtithe, an 27 Meitheamh 2018, ar dá thoradh a bunaíodh sásra neamhspleách chun milleán a leagan, is é sin Foireann OPCW um Imscrúdú agus Sainaithint.

9. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí le cur chun feidhme iomlán CWC agus meabhraíonn sí an ról ríthábhachtach atá ag an Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha maidir leis na spriocanna a leagtar síos sa Choinbhinsiún a chomhlíonadh. Chun leanúint dá obair ríthábhachtach, tá bonn airgeadais intuartha daingean de dhíth ar OPCW. Iarrann an tAontas Eorpach ar gach Stát is Páirtí a ranníocaíochtaí measúnaithe a íoc ina n-iomláine agus in am. Sa chomhthéacs sin, meabhraíonn an Chomhairle gurb é an tAontas is mó a thugann cistiú deonach do OPCW trí thionscadail a mhaoinítear trí bhuiséad an Aontais agus trí bhuiséid náisiúnta Bhallstáit aonair an Aontais. Tacaíonn na tionscadail sin, i measc nithe eile, le fothú acmhainneachta, cibearshlándáil agus cosaint faisnéise OPCW agus íomhánna satailíte a sholáthar do ghníomhaíochtaí OPCW.

10. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil lánmhuinín aici as Rúnaíocht Theicniúil OPCW, a gairmiúlacht, a neamhspleáchas, a neamhchlaontacht agus a saineolas teicniúil seanbhunaithe. Tá an tAontas diongbháilte i gcónaí maidir leis an Eagraíocht a chosaint ar ionsaithe d'aon ghnó gan bhunús ar a sláine agus a creidiúnacht. Sa chomhthéacs sin, leagann an Chomhairle béim ar chomhlántacht na hoibre idir OPCW agus na Náisiúin Aontaithe agus is mór aici comhroinnt rialta na faisnéise maidir le gníomhaíochtaí agus imscrúduithe OPCW le hArd-Rúnaí na Náisiún Aontaithe agus le Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

11. Tá cruthúnas ann nár chomhlíon réimeas na Siria a chuid oibleagáidí idirnáisiúnta faoin gCoinbhinsiún de bharr na hoibre agus na n-imscrúduithe cuimsitheacha críochnúla a rinne Sásra Imscrúdaitheach Comhpháirteach OPCW/NA, Foireann OPCW um Measúnú ar Dhearbhuithe, an Misean Aimsithe Fíricí agus Foireann OPCW um Imscrúdú agus Sainaithint.

12. Leis an gcinneadh a glacadh ag an 25[ú] Comhdháil de na Stáit is Páirtithe sa Choinbhinsiún maidir le hAirm Cheimiceacha lena gcuirtear cearta vótála agus pribhléidí Phoblacht Arabach na Siria ar fionraí, seoladh teachtaireacht láidir  maidir le sláine an Choinbhinsiúin, saoirse ó phionós i gcás úsáid arm ceimiceach, agus cosaint an Dlí Idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta. Is freagairt iomchuí é ón gComhdháil ar an sárú follasach a rinne réimeas na Siria ar an gCoinbhinsiún agus ar a chroíphrionsabail. Chun go dtabharfar a chearta vótála agus a phribhléidí eile ar ais, ní mór do réimeas na Siria na saincheisteanna uile atá ar feitheamh a réiteach, méid iomlán a chláir arm ceimiceach a dhearbhú, agus an Coinbhinsiún a chomhlíonadh go hiomlán arís.

13. Molann an Chomhairle an obair atá á déanamh ag Rúnaíocht Theicniúil OPCW maidir le gach gné de chlár arm ceimiceach na Siria agus is mór aici a hiarrachtaí leanúnacha dul i dteagmháil le Poblacht Arabach na Siria, lena n-áirítear ar leibhéal na n-airí. Tathantaíonn an Chomhairle ar réimeas na Siria gníomhú ar bhealach cuiditheach ós rud é nach bhfuil aon rogha eile ag Poblacht Arabach na Siria ach comhar iomlán éifeachtach a dhéanamh le OPCW i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún agus le Rún 2118 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Cé gur imigh 10 mbliana, nach mór, ó rinne Poblacht Arabach na Siria an chéad dearbhú, ní féidir a mheas fós go bhfuil an dearbhú sin cruinn ná iomlán, agus tá go leor ceisteanna tábhachtacha fós le freagairt maidir le clár arm ceimiceach na Siria.

14. D'fhorchuir an tAontas Eorpach bearta sriantacha cheana féin ar 36 dhuine, idir oifigigh shinsearacha, eolaithe agus daoine den lucht gnó, agus ar thrí eintiteas ón tSiria i ngeall ar an ról a bhí acu i bhforbairt agus in úsáid arm ceimiceach. An 14 Samhain 2022, chinn an Chomhairle bearta sriantacha breise a fhorchur ar bheirt den lucht gnó agus ar a gcuideachta a sholáthraíonn ábhair don *Syrian Studies and Research Centre* (SSRC), ar ábhair iad a úsáidtear chun córais seachadta arm ceimiceach a tháirgeadh. Tá an tAontas Eorpach faoi réir le breithniú a dhéanamh ar bhearta breise a thabhairt isteach de réir mar is iomchuí.

15. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cúis mhór imní di nár thug Cónaidhm na Rúise freagra ar iarrataí idirnáisiúnta go ndéanfaí imscrúdú críochnúil trédhearcach ar an iarracht Alexei Navalny a fheallmharú, duine de lucht freasúra na Rúise. Dhearbhaigh saotharlanna deimhnithe sa Ghearmáin, sa Fhrainc agus sa tSualainn agus OPCW gan amhras gur nimhíodh Alexei Navalny sa Rúis i mí Lúnasa 2020 le néar-oibreán den ghrúpa 'Novichok' (substaint a d'fhorbair an Rúis).

Cháin an Chomhairle an nimhiú sin go fíorghéar agus chuir sí smachtbhannaí ar sheisear oifigeach de chuid rialtas na Rúise agus ar institiúid taighde stáit ag a bhfuil baint leis an iarracht feallmharaithe. Tathantaíonn an Chomhairle arís ar Chónaidhm na Rúise freagraí substaintiúla a thabhairt ar na ceisteanna a chuir 45 Stát is Páirtithe faoi chuimsiú Airteagal IX, mír 2 den Choinbhinsiún, an 5 Deireadh Fómhair 2021, agus cúinsí na hiarrachta feallmharaithe ar Alexei Navalny a nochtadh gan a thuilleadh moille.

16. Ina theannta sin, cáineann an Chomhairle go diongbháilte an cogadh foghach neamhdhleathach gan chúis gan údar atá á chur ag an Rúis ar an Úcráin. Mar chuid den fhogha sin faoin Úcráin, chuir an Rúis feachtas bréagaisnéise agus bolscaireachta státrialaithe ar bun trí líomhaintí gan bhunús a scaipeadh in aghaidh na hÚcráine agus tíortha eile maidir le hairm cheimiceacha agus, ag an am céanna, chuir sí muintir na hÚcráine i mbaol a nochta do cheimiceáin thocsaineacha trí ionsaithe a dhéanamh d'aon ghnó ar shaoráidí tionsclaíocha sibhialtacha. Tá an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit tiomanta tacaíocht a thabhairt do OPCW i gcás ina n-iarrfaidh an Úcráin cúnamh ar OPCW mar gheall ar theagmhas ceimiceach nó ionsaí ceimiceach líomhnaithe. Sa chomhthéacs sin, tá sé d'acmhainn ag an gCoimisiún Eorpach measúnuithe gasta a dhéanamh ar theagmhais cheimiceacha san Úcráin agus tá sé faoi réir chun freagairt go tapa ar iarrataí ón Úcráin ar chúnamh.

17. Tá sé seanbhunaithe go bhfuil an Úcráin ina comhalta freagrach den Choinbhinsiún maidir le hAirm Cheimiceacha agus go bhfuil an Coinbhinsiún á chomhlíonadh go hiomlán aici. Meabhraítear don Chomhairle leis seo go bhfuil cuntas teiste ag an Rúis, an tír atá freagrach as an gcogadh leanúnach agus as sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta san Úcráin, maidir le hairm cheimiceacha a úsáid i bhfeallmharú agus in iarrachtaí feallmharaithe. Mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ghlac an tAontas Eorpach pacáistí éagsúla smachtbhannaí, nach bhfacthas a leithéidí riamh roimhe seo, i gcoinne na Rúise. An 3 Meitheamh 2022, leasaíodh liosta na smachtbhannaí chun cosc a chur ar onnmhairiú ceimiceán chuig an Rúis a bhféadfaí mí-úsáid a bhaint astu chun airm cheimiceacha a mhonarú.

18. Tá an Chomhairle ag tnúth le hoscailt an Ionaid um Cheimic agus um Theicneolaíocht ('an lárionad ChemTech') mar phríomhthionscadal nua OPCW, lena gcomhcheanglaítear gníomhaíochtaí saotharlainne agus fíoraithe úrscothacha le comhar agus cúnamh idirnáisiúnta.

Dar leis an gComhairle, beidh ról lárnach ag an lárionad ChemTech maidir le hoiliúint a chur ar fáil agus maidir leis an bpríomh-shaineolas a theastaíonn le haghaidh chúraimí fíoraithe OPCW a chothabháil, maidir le cláir idirnáisiúnta um chomhar agus um chúnamh a fheabhsú agus maidir le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus na deiseanna eolaíochta agus teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn, agus ba cheart a áirithiú go mbainfear leas iomlán as acmhainneacht an ionaid. Is cúis bhróid don Aontas Eorpach a bheith ar cheann de na mórdheontóirí chun an lárionad ChemTech a thógáil, trí ranníocaíochtaí deonacha tábhachtacha arna ndéanamh ag an Aontas agus ag Ballstáit an Aontais.

19. Chun a bheith oiriúnach don fheidhm i gcónaí, tá rúnaíocht theicniúil lánoibríochtúil ag teastáil ó OPCW, a mbeidh an t-eolas agus an saineolas is gá aici. Sa chomhthéacs sin, cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá Beartas Tionachta OPCW a leasú, chun an leibhéal solúbthachta a thabhairt níos gaire do leibhéal solúbthachta na n-eagraíochtaí eile nach bhfuil ionchais ghairmréime iontu i réimse na dí-armála. Tacaíonn an Chomhairle freisin le Rúnaíocht atá éagsúil ó thaobh na geografaíochta de agus molann sí don Rúnaíocht leanúint dá hiarrachtaí i ndáil leis sin, agus Airteagal VIII den Choinbhinsiún á urramú go hiomlán. Moltar do na Stáit is Páirtithe dlús a chur lena n-iarrachtaí iarrthóirí cáilithe a chur chun tosaigh le folúntais OPCW a líonadh.

20. Creideann an Chomhairle go láidir go bhfuil gá le comhionannas inscne agus príomhshruthú inscne chun sainordú OPCW a chomhlíonadh, agus gur cheart go leanfadh sin de bheith ina gcuid lárnach de gach réimse d’obair OPCW agus de chur chun feidhme CWC. Tá sé den ríthábhacht éagsúlacht leathan tuairimí a bheith ann ar mhaithe leis an gcinnteoireacht agus chun cabhrú le dul i ngleic ar bhealach níos éifeachtaí leis na dúshláin atá roimh OPCW. Molaimid an tArd-Stiúrthóir agus an Rúnaíocht Theicniúil as an obair atá déanta acu go dtí seo agus táimid ag tnúth le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le comhionannas inscne agus maidir le Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, agus na rúin a ghlac an Eagraíocht ina dhiaidh sin, a chur chun feidhme. Tugann an Chomhairle dá haire nach mór tuilleadh gníomhaíochtaí a dhéanamh i dtreo an chomhionannais inscne, lena n-áirítear na moltaí ón iniúchadh maidir le hInscne agus Éagsúlacht a chur chun feidhme go pras, an líonra pointí teagmhála inscne a neartú agus príomhshruthú inscne a fheabhsú i ngach réimse d’obair na Rúnaíochta Teicniúla.

21. Ag an gceathrú seisiún is fiche dá cuid, ghlac Comhdháil na Stát is Páirtithe Cinntí (C-24/DEC.4 agus C-24/DEC.5 an 27 Samhain 2019) lena leasaítear Sceideal 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn maidir le Ceimiceáin, trí thrí fhine ceimiceán nua a chur leis, lena n-áirítear an tsubstaint a úsáideadh in Salisbury, an Ríocht Aontaithe, in 2018. Measann an Chomhairle go bhfuil sé ríthábhachtach go leanfaidh CWC de bheith freagrúil do bhagairtí nua agus do bhagairtí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear nuashonrú rialta a dhéanamh ar an Iarscríbhinn maidir le Ceimiceáin, de réir mar is iomchuí.

22. Meabhraítear don Chomhairle gur ghlac Comhdháil na Stát is Páirtithe, ag an séú seisiún is fiche dá cuid, an Cinneadh '*Understanding regarding the aerosolised use of Central Nervous System (CNS) acting chemicals for Law Enforcement Purposes*' [Tuiscint maidir le húsáid aerasóil na gceimiceán a ghníomhaíonn ar an lárchóras néarógach chun críocha forfheidhmithe dlí] (CSP-26/Dec.10, dar dáta an 1 Nollaig 2021). Tugann an Chomhairle dá haire go dtuigtear go bhfuil úsáid aerasóil na gceimiceán a ghníomhaíonn ar an lárchóras néarógach ar neamhréir le críocha forfheidhmithe dlí mar 'cuspóir nach bhfuil toirmeasc air' faoin gCoinbhinsiún agus tugann sí dá haire freisin nach dtugtar aghaidh sa chinneadh ar úsáid ceimiceán a ghníomhaíonn ar an lárchóras néarógach le haghaidh cuspóirí eile nach bhfuil toirmeasc orthu faoin gCoinbhinsiún.

23. Creideann an Chomhairle go rachadh sé chun tairbhe obair OPCW agus chur chun feidhme an Choinbhinsiúin dá n-oibreodh OPCW go dlúth le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha eile, leis tionscal na gceimiceán, leis an saol acadúil, leis an óige agus leis an tsochaí shibhialta agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha ar bhonn rialta. Is ábhar imní don Chomhairle go bhfuil bac leanúnach curtha ar rannpháirtíocht ionadaithe na sochaí sibhialta i gcruinnithe OPCW mar gheall ar líon beag Stát is Páirtithe atá ag cur i gcoinne na rannpháirtíochta sin gan aon údar a thabhairt agus iarrann sí go gcruthófaí nós imeachta atá sainithe go soiléir, cothrom agus trédhearcach le haghaidh rannpháirtíocht ionadaithe ón tsochaí sibhialta amach anseo.

24. Is díol sásaimh don Chomhairle glacadh Rún (A/RES/77/73) maidir le cur chun feidhme CWC ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 7 Nollaig 2022. Is léiriú é an rún sin ar thacaíocht agus tuiscint Bhallstáit na Náisiún Aontaithe ar obair OPCW, arb é comhlacht cur chun feidhme CWC.

25. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas sábháilteacht agus slándáil na gceimiceán a neartú ar fud an domhain. Is cumasóir tábhachtach é Tionscnamh an Aontais maidir le hIonaid Barr Feabhais chun Riosca Ceimiceach, Bitheolaíoch, Raideolaíoch agus Núicléach a Mhaolú maidir leis na hiarrachtaí a bhíonn á ndéanamh ag a lán Stát is Páirtithe in OPCW chun feabhas a chur ar a n-acmhainneacht i gcoinne bagairtí CBRN. Oibríonn na hionaid barr feabhais i roinnt réimsí atá comhlántach le gníomhaíochtaí OPCW, go háirithe: brath, cosc, ullmhacht, freagairt, agus bearta reachtacha agus rialála. Ina theannta sin, cuireann an tAontas ranníocaíochtaí deonacha airgeadais ar fáil chun tacú le Sásra Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe chun imscrúdú a dhéanamh ar úsáid líomhnaithe arm ceimiceach agus bitheolaíoch.

26. An 28 Aibreán 2004, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe d'aontoil Rún 1540 (2004), agus d'athdhearbhaigh sí gur bagairt ar an tsíocháin agus ar an tslándáil idirnáisiúnta leathadh na n-arm ollscriosta agus na modhanna lena seachadtar iad. Déanfaidh cur chun feidhme an Choinbhinsiúin maidir le hAirm Cheimiceacha, Rún 1540 (2004) agus rún gaolmhar treisiú ar a chéile. Is díol mór sásaimh don Chomhairle an toradh a bhí ar an bpróiseas cuimsitheach athbhreithnithe in 2022 ar Rún 1540 (2004) agus ar dearbhaíodh a lárnaí, a thábhachtaí agus a údarásaí atá sé le Rún 2663 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Tá gealltanas fadtéarmach ag an Aontas Eorpach tacú le cur chun feidhme UNSCR 1540(2004) ó 2006 i leith. Le Cinneadh (CBES) 2017/809 ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, arb é an cinneadh is déanaí ina leith sin agus a glacadh an 11 Bealtaine 2017, foráiltear maidir le tuilleadh cúnaimh do na stáit leasmhara chun go gcuirfear lena gcumas náisiúnta maidir le UNSCR 1540 (2004) a chur chun feidhme agus chun comhar níos dlúithe a éascú i measc na ngeallsealbhóirí ábhartha uile.

27. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a riachtanaí atá sé a áirithiú go leanfaidh an tAontas de thacaíocht pholaitiúil, taidhleoireachta agus airgeadais a thabhairt do chur chun feidhme CWC agus go n-áiritheofar ionadaíocht agus infheictheacht ardleibhéil agus cosaint éifeachtach leasanna an Aontais maidir le saincheisteanna ceimiceán i bhfóraim idirnáisiúnta agus go háirithe in OPCW. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil sé ríthábhachtach go leanfadh gníomhaithe ábhartha uile an Aontais, lena n-áirítear SEGS, den rannpháirtíocht ghníomhach agus den ionadaíocht a dhéanann siad in OPCW. Chun na críche sin, tá an Chomhairle ag súil go mbunófar go luath Toscaireacht an Aontais go dtí na hEagraíochtaí Idirnáisiúnta atá lonnaithe sa Háig.

**Seasamh an Aontais Eorpaigh maidir leis an gcúigiú seisiún speisialta den Chomhdháil Athbhreithniúcháin ag na Stáit is Páirtithe sa Choinbhinsiún ar oibríocht CWC, an Háig, an 15-19 Bealtaine 2023**

28. Deis a bheidh sa chúigiú comhdháil athbhreithniúcháin machnamh a dhéanamh ar conas cur chun feidhme an Choinbhinsiúin a neartú mar phríomhionstraim den chóras idirnáisiúnta maidir le neamhleathadh agus dí-armáil. Is freagracht chomhroinnte de chuid na Stát uile is Páirtithe é fís choiteann a bhaint amach maidir le cur i gcoinne teacht chun cinn na n-arm ceimiceach an athuair agus an norm domhanda neamhúsáide a chosaint.

29. Tá an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit ag cur go gníomhach agus go cuiditheach le hobair na Meithle Neamhiata (OEWG).

Leis an gclár oibre OEWG a comhaontaíodh, beidh na toscaireachtaí uile in ann a dtuairimí a chur in iúl maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i gcur chun feidhme an Choinbhinsiúin agus tugtar deis do na toscaireachtaí a n-ionchais agus a dtosaíochtaí don todhchaí a leagan amach. Sa chomhthéacs sin, gabhann an Chomhairle buíochas leis an gCathaoirleach Lauri Kuusing, Ambasadóir na hEastóine, as bheith i gceannas ar an obair ar bhealach oscailte cuimsitheach, darb aidhm comhthoil a chothú.

30. Oibreoidh an Chomhairle go cuiditheach le linn 2023 agus a dícheall á déanamh aici chun go mbeidh comhdhearcadh ann mar thoradh ar an gcúigiú comhdháil athbhreithniúcháin, agus na cuspóirí lárnacha seo a leanas á saothrú aici, ar cuspóirí iad atá le léiriú i ndoiciméad toraidh na comhdhála athbhreithniúcháin, faoi chuimsiú réamhdhearcadh ginearálta ina gcuirfear béim láidir ar an norm neamh-úsáide, ar iontaofacht CWC/OPCW agus cuntasacht:

i. CWC a neartú trí chur leis an dul chun cinn atá déanta maidir le stoc-chairn arm ceimiceach dearbhaithe a scriosadh agus maidir le teacht chun cinn na n-arm sin a chosc, trí, *inter alia*, córas fíorúcháin CWC a fheabhsú agus a oiriúnú, cur chun feidhme náisiúnta a fheabhsú, aghaidh a thabhairt ar shaincheist shlándáil agus shábháilteacht na gceimiceán chomh maith le hiarrachtaí a dhéanamh chun uilíocht a bhaint amach;

ii. CWC a neartú trína chur chun feidhme éifeachtach a áirithiú i bhfianaise timpeallacht athraitheach slándála dhomhanda agus i bhfianaise na bhforbairtí i dtionscal domhanda na gceimiceán agus san eolaíocht agus sa teicneolaíocht, agus trína chur i dtreis gur cheart go gcuirfeadh an cúigiú comhdháil athbhreithniúcháin tacaíocht pholaitiúil agus treoir fhairsing ar fáil i leith na hoibre maidir le tosaíochtaí OPCW amach anseo, ar obair í atá le déanamh le linn na tréimhse idirsheisiúnaí;

iii. CWC a neartú trí fheabhas a chur ar an norm domhanda i gcoinne úsáid arm ceimiceach trí aghaidh a thabhairt ar sháruithe an Choinbhinsiúin, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí imscrúdaithe agus sannta neamhspleácha;

iv. OPCW a choinneáil mar lárionad eolais maidir le saincheisteanna arm ceimiceach sa chiall is leithne agus feabhas a chur ar stóinseacht agus cumas cothrom le dáta na Rúnaíochta Teicniúla trí, *inter alia*, beartais earcaíochta agus ardaithe céime chomhsheasmhacha bunaithe ar fhiúntas agus éagsúlacht gheografach, cothromaíocht inscne agus feabhsú an bheartais tionachta á n-áirithiú ag an am céanna, chomh maith leis an leas is fearr a bhaint as na deiseanna a chuireann an lárionad ChemTech ar fáil;

v. Rannchuidiú le hathbhreithniú iomlán ar CWC ina gcuirtear san áireamh go háirithe forbairtí eolaíochta agus teicneolaíochta, lena n-áitítear cóineasú na ceimice agus na bitheolaíochta, teicneolaíochtaí nua táirgthe, mar aon le forbairtí in ionstraimíocht agus nuálaíochtaí fíorúcháin;

vi. Na saincheisteanna bunriachtanacha thuasluaite a chur chun cinn tríd an méid seo a leanas a dhéanamh, i measc nithe eile:

a) **Seasamh** leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Cheimiceacha (CWC) mar phríomhionstraim den ailtireacht dhomhanda maidir le neamhleathadh agus dí-armáil agus den ord idirnáisiúnta riailbhunaithe.

b) Na cásanna inar úsáideadh airm cheimiceacha a tharla le blianta beaga anuas sa tSiria, san Iaráic, sa Mhalaeisia, sa Ríocht Aontaithe agus sa Rúis **a cháineadh**.

c) **Béim a leagan** ar an oibleagáid reachtaíocht náisiúnta cur chun feidhme a ghlacadh mar chroílár an mhéid atá glactha ag na Stáit is Páirtithe orthu féin agus iad ag dul isteach sa Choinbhinsiún. Is trua nach bhfuil bearta cur chun feidhme tosaigh glactha go fóill ag 35 Stát, 25 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin.

d) **Tathant** ar na Stáit go léir nach páirtithe iad in CWC páirt a ghlacadh sa Choinbhinsiún d'fhonn uilíocht a bhaint amach.

e) Ceannaireacht Ard-Stiúrthóir OPCW, an tAmbasadóir Fernando Arias, **a mholadh**, agus muinín iomlán na Comhairle a athdhearbhú as Rúnaíocht Theicniúil OPCW, mar aon le gairmiúlacht, neamhspleáchas, neamhchlaontacht agus saineolas seanbhunaithe teicniúil na rúnaíochta sin maidir le cur chun feidhme CWC agus na gcúraimí arna sannadh ag na Stáit is Páirtithe.

f) Rúnaíocht Theicniúil OPCW **a chosaint** ar líomhaintí gan bhunús agus ar ionsaithe ar a sláine agus ar a hinchreidteacht trí fheachtais d'aon ghnó maidir le bréagaisnéis státurraithe.

g) Cumas OPCW aghaidh a thabhairt ar na líomhaintí maidir le húsáid arm ceimiceach sa tSiria, lena n-áirítear trí obair an mhisin aimsithe fíricí agus obair na Foirne um Imscrúdú agus Sainaithint, **a mheas**.

h) **A chur in iúl** gur cúis imní di na bearnaí agus na neamhréireachtaí atá fós ann sa chéad dearbhú ón tSiria agus ag aithint di obair na Foirne um Measúnú ar Dhearbhuithe.

i) **A mheabhrú** go dtugann an Chomhairle tacaíocht chomhsheasmhach láidir do chur chun feidhme CWC lena n-áirítear a ranníocaíochtaí airgeadais deonacha fairsinge mar thaca le gníomhaíochtaí OPCW.

j) **A mheabhrú** gur freagracht chomhroinnte de chuid na Stát uile is Páirtithe é cur i gcoinne theacht chun cinn na n-arm ceimiceach agus an norm domhanda neamhúsáide a chosaint.

*Maidir le Fíorú*

k) Córas fíorúcháin an Choinbhinsiúin **a chur chun suntais** agus a chaomhnú, mar a dhéanann OPCW trína ghníomhaíochtaí fíorúcháin, mar chóras atá bunriachtanach do chur chun feidhme rathúil an Choinbhinsiúin agus don norm i gcoinne úsáid arm ceimiceach.

l) **A aithint**, i bhfianaise athruithe i dtionscal na gceimiceán agus i bhfianaise forbairtí tapa san eolaíocht agus sa teicneolaíocht, nach mór an córas fíorúcháin a oiriúnú chun go leanfaidh sé de bheith ábhartha.

m) **Feabhas a chur ar** Chóras Fíorúcháin Airteagal VI trí na próisis chigireachta a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos simplí agus trí na próisis roghnúcháin le haghaidh iniúchtaí a oiriúnú do na ceanglais reatha, go háirithe an mhodheolaíocht chun Saoráidí um Tháirgeadh Ceimiceán Eile a roghnú lena n-iniúchadh.

n) **Béim a leagan ar** a thábhachtaí atá sé sábháilteacht agus slándáil ceimiceán a fheabhsú ar fud an domhain agus **béim a leagan ar** an ngá le gach céim de shaolré ceimiceach a chumhdach — i.e. ní hamháin táirgeadh ach iompar, stóráil agus diúscairt freisin.

o) **Tacú le** cumais, uirlisí agus modheolaíochtaí na Rúnaíochta a fhorbairt a thuilleadh chun líomhaintí maidir le húsáid arm ceimiceach a imscrúdú, amhail fóiréinsic cheimiceach.

*Maidir le Fothú Acmhainní agus Cúnamh Idirnáisiúnta*

p) **Béim a leagan ar** a thábhachtaí atá sé leanúint den tacaíocht d'fhothú acmhainneachta agus d'úsáid shíochánta na ceimice a chur chun cinn.

q) **A mheabhrú** nach mór do Stáit is Páirtithe creataí reachtacha agus rialála a neartú, acmhainneachtaí leordhóthanacha coisctheacha agus freagartha a fhorbairt, agus an comhar ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta a fheabhsú chun an sceimhlitheoireacht cheimiceach a chomhrac.

r) **A mholadh** go n-iarrfadh an chomhdháil athbhreithniúcháin ar an Rúnaíocht Theicniúil tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chláir thacaíochta a bhaineann le reachtaíocht agus le creataí rialála i ndáil le slándáil na gceimiceán agus an sceimhlitheoireacht cheimiceach a chomhrac.

s) Cumas agus acmhainneacht na Rúnaíochta **a choinneáil** chun misin nach gnáthmhisin iad a dhéanamh toisc go gcuireann siad faisnéis oibiachtúil iontaofa ar fáil do na Stáit is Páirtithe maidir le líomhaintí i ndáil le húsáid arm ceimiceach.

t) **Béim a leagan ar** a thábhachtaí atá sé leanúint de ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta comhair agus cúnaimh ós rud é go bhfuil ról ríthábhachtach acu maidir le cur chun feidhme iomlán agus éifeachtach oibleagáidí na Stát is Páirtithe faoin gCoinbhinsiún, agus maidir le hábharthacht leanúnach an Choinbhinsiúin a áirithiú mar phríomhionstraim de chuid an chórais idirnáisiúnta maidir le neamhleathadh agus dí-armáil.

u) **A mheabhrú** gealltanas seanbhunaithe an Aontais tacú le hiarrachtaí fothaithe acmhainní na Stát is Páirtithe, lena n-áirítear trí Chlár na hAfraice.

v) **Iarraidh** ar an Rúnaíocht Theicniúil cur chuige comhtháite a fheabhsú a thuilleadh i leith na gclár cúnaimh agus comhair, agus an clársceidealú airteagal ar airteagal a chur di nuair is féidir.

w) Acmhainneacht OPCW freagairt go pras d'iarraidh ar chúnamh faoi Airteagal X **a neartú.**

*Maidir le Lárionad ChemTech*

x) A léiriú gur **díol sásaimh di** oscailt an lárionaid Ceimice agus Teicneolaíochta (an lárionad ChemTech) mar ionad suaitheanta nua na hEagraíochta, ina gcomhcheanglaítear gníomhaíochtaí saotharlainne agus fíorúcháin le comhar agus cúnamh idirnáisiúnta.

y) **A aithint** go mbeidh ról lárnach ag lárionad ChemTech chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus deiseanna eolaíochta agus teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn.

z) An fhéidearthacht cigirí a oiliúint i Lárionad ChemTech OPCW **a chur chun cinn** agus tacú leis an bhféidearthacht sin.

aa) **Tacú** le forbairt bhreise na gclár cúnaimh agus cosanta, agus leas iomlán á bhaint as áiseanna an lárionad ChemTech, agus tarraingt, ag an am céanna, ar an saineolas den scoth atá ar fáil sna Stáit is Páirtithe.

bb) **A thathant** go gcuirfí feabhas ar an gcóras chun ranníocaíochtaí deonacha a bhainistiú, lena n-áirítear trí liosta gníomhaíochtaí neamhchistithe a eisiúint go rialta le go bhféadfadh deontóirí ceann acu a roghnú. Ba cheart a áireamh ar liosta den sórt sin go háirithe gníomhaíochtaí breise a d'fhéadfadh tarlú ag an lárionad ChemTech.

cc) **A chur i dtreis** gur cheart saineolas agus cumas chun déileáil le hairm cheimiceacha, sean-airm cheimiceacha agus le hairm cheimiceacha tréigthe a choinneáil, agus gur cheart saineolas maidir le hairm cheimiceacha dhumpáilte ar muir a choinneáil, a fhorbairt a thuilleadh agus a chur ar fáil, arna iarraidh sin ag Stáit is Páirtithe lena mbaineann, chun tacú leis an gcomhar deonach chun déileáil le bagairtí a eascraíonn as airm cheimiceacha a dhumpáiltear ar muir, agus gnéithe réigiúnacha ábhartha á gcur san áireamh, agus gur cheart don OPCW leanúint den saineolas is gá a fhorbairt chun déileáil le dúshláin i dtimpeallacht nua slándála, agus leas iomlán á bhaint aige as an lárionad ChemTech.

*Maidir le For-rochtain, Oideachas agus Comhar le Geallsealbhóirí*

dd) Saineolas an Bhoird Chomhairligh um Oideachas agus Obair For-rochtana agus an príomhról atá aige maidir le gníomhaíochtaí oideachais agus for-rochtana a mholadh d'fhonn an teagmháil le geallsealbhóirí ábhartha a neartú **a aithint**.

ee) An tionchar is fearr is féidir **a bhaint** as cláir OPCW trí stáit a spreagadh chun iarrthóirí a bhfuil an acmhainneacht is mó acu a roghnú.

ff) **Iarraidh a**r an Rúnaíocht Theicniúil Treoirlínte breise a fhorbairt maidir leis an ábhar is tábhachtaí, agus féachaint ar uirlisí nuálacha eile a d'fhéadfaí a chur ar fáil do Stáit is Páirtithe ar líne, amhail cúrsaí ríomhfhoghlama.

gg) Na Stáit is Páirtithe agus an Rúnaíocht Theicniúil **a spreagadh** chun leanúint dá n-iarrachtaí for-rochtana, lena n-áirítear trí ábhair bhreise a fhorbairt maidir leis na dúshláin a bheidh roimh OPCW amach anseo, amhail úsáid arm ceimiceach a bheith ag teacht chun cinn in athuair.

hh) **Béim a leagan ar** a thábhachtaí atá sé feasacht a mhúscailt maidir le CWC agus infheictheacht OPCW trí ghníomhaíochtaí oideachais agus for-rochtana.

ii) Treoirlínte níos saincheaptha **a iarraidh** do chuideachtaí beaga agus meánmhéide chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh i gcomhréir le CWC, mar a phléigh na húdaráis náisiúnta in Doha i mí Dheireadh Fómhair 2022.

jj) **A athdhearbhú** a thábhachtaí atá sé go mbeadh na geallsealbhóirí agus comhpháirtithe seachtracha ábhartha uile, lena n-áirítear tionscal na gceimiceán, an lucht acadúil, meithleacha machnaimh, an tsochaí shibhialta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, rannpháirteach in obair OPCW.

kk) **A aithint** gur den ríthábhacht é an comhar a dhoimhniú le tionscal na gceimiceán, le heagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta agus réigiúnacha agus le pobail saineolaithe chomh maith. Maidir le hAirteagal XI, rachadh caidreamh níos doimhne idir an Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) agus na tionscail chomhfhreagracha agus eagraíochtaí neamhrialtasacha chun tairbhe agus iad ag foghlaim ó thaithí a chéile i dtaca le cur chun feidhme praiticiúil.

ll) **Buíochas a ghabháil leis** an Rúnaíocht Theicniúil as a n-iarrachtaí idirphlé a choinneáil ar bun le tionscal na gceimiceán, i gcomhréir leis an sainordú a tugadh sa Tríú Comhdháil Athbhreithnithe.

mm) An rannpháirtíocht thábhachtach a thabhairt dá haire atá déanta ag an tsochaí shibhialta agus ag eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) chun tacú leis an gcuspóir comhchoiteann domhan saor ó airm cheimiceacha a bhaint amach. Ní mór a rannpháirtíocht a bheith cuimsitheach agus neamh-idirdhealaitheach.

nn) **A mholadh go n-eagrófaí** taobh-imeachtaí i gComhdháil na Stát is Páirtithe agus i gcomhdhálacha athbhreithniúcháin leis an tsochaí shibhialta, le ENRanna agus le geallsealbhóirí ábhartha eile chun a dtuairimí a chur in iúl.

***Maidir le hInscne***

oo) **A mholadh do** bhainistíocht shinsearach OPCW chun leanúint de bheith ag obair i dtreo Rúnaíocht Theicniúil atá níos cothroime ó thaobh inscne de, níos éagsúla agus níos cuimsithí chomh maith le cur chuige inscne-fhreagrúil a chur i bhfeidhm síos tríd na doiciméid beartais, na gcinntí agus na gclár agus na ngníomhaíochtaí allamuigh uile laistigh den Eagraíocht.

pp) **A chur i dtreis** a thábhachtaí atá sé na moltaí ón Iniúchadh Inscne agus Éagsúlachta a chur chun feidhme go pras, agus **a mholadh go spreagfaí** iniúchtaí den sórt sin laistigh de gach timthriall athbhreithniúcháin den Choinbhinsiún. Trí acmhainneachtaí agus saineolas institiúideach maidir le comhionannas inscne a fheabhsú, lena n-áirítear trí cheannaireacht inscne-fhreagrúil, agus tríd an líonra pointí teagmhála inscne a neartú, d'fhéadfaí tacú le hiarrachtaí príomhshruthaithe inscne.

***Maidir leis an Rúnaíocht Theicniúil***

qq) Iarrachtaí Rúnaíocht Theicniúil OPCW chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a bhaineann le dul chun cinn agus dúshláin an Choinbhinsiúin maidir le Toirmeasc ar Fhorbairt, Táirgeadh, Stoc-Charnadh agus Úsáid Arm Ceimiceach agus maidir lena nDíothú (CWC) ar bhealach níos comhtháite, ag obair di thar fhorálacha ábhartha an Choinbhinsiúin, **a mheas**.

rr) **A dhearbhú** gur gá foireann ardcháilithe agus inniúil a earcú agus a choinneáil chun a áirithiú go mbeidh an Eagraíocht oiriúnach dá feidhm i gcónaí agus go mbeidh sí in ann an Coinbhinsiún agus na cúraimí arna sannadh ag na Stáit is Páirtithe a chur chun feidhme.

ss) **A mholadh** go leasófaí an Beartas maidir le Tionacht OPCW d'fhonn feabhas a chur ar chumas na Rúnaíochta Teicniúla an saineolas lárnach atá ag teastáil a choinneáil trí chead a thabhairt d'iarfhoireann dul i mbun seirbhíse arís agus arís eile go ceann tionacht nua 7 mbliana tar éis roinnt blianta de bhriseadh seirbhíse agus trí shíneadh teoranta de bhlianta breise a cheadú do chonarthaí, chun a áirithiú go leanfar de chúram sonrach nó go gcuirfear cúram sonrach i gcrích go rathúil.

tt) **Iarraidh** ar an Ard-Stiúrthóir féachaint an bhféadfadh OPCW dul isteach i gCiste Pinsean na Náisiún Aontaithe mar mhodh breise chun iomaíochas OPCW mar fhostóir a mhéadú.

uu) **A iarraidh** go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí chun oiliúint agus bainistiú eolais na foirne a neartú chun éifeachtaí na huainíochta a mhaolú.

***Bearta Eile***

vv) **Is díol sásaimh di** an cur chuige téamach agus an plé substainteach a bhí ag an Meitheal Neamhiata faoi Chathaoirleacht Ambasadóir Lauri Kuusing na hEastóine maidir leis na tosaíochtaí agus na dúshláin a bheidh ann amach anseo don Choinbhinsiún, chomh maith le measúnú críochnúil ar a chur chun feidhme le cúig bliana anuas.

ww) **Is díol sásaimh di** an dul chun cinn a rinneadh ó bhí an Ceathrú Comhdháil Athbhreithniúcháin ann i gcur chun feidhme Airteagal VII, Airteagal X agus Airteagal XI agus aithníonn sí ag an am céanna go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí chun a áirithiú go gcuirfear forálacha uile an Choinbhinsiúin chun feidhme ina n-iomláine.

xx) **Is mór aici** ról agus saineolas an Bhoird Chomhairligh Eolaíoch i agus comhairle á cur aige ar an Ard-Stiúrthóir agus ar na Stáit is Páirtithe maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an eolaíocht agus leis an teicneolaíocht, lena n-áirítear an t-ionchur cuimsitheach atá aige sa Chúigiú Comhdháil Athbhreithniúcháin.

yy) A mholadh go dtabharfadh an Chomhairle Feidhmiúcháin aird chuí ar thuarascálacha an Bhoird Chomhairligh Eolaíoch agus go bhfuil siad ina n-ábhar plé domhain sa Choimisiún.

31. Tacaíonn an Chomhairle leis na gníomhaíochtaí seo a leanas atá le déanamh ag an Aontas Eorpach maidir leis na cuspóirí thuasluaite, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí bhearta for-rochtana roimh an gCúigiú Comhdháil Athbhreithniúcháin agus le linn an Chúigiú Comhdháil Athbhreithniúcháin:

i. Páirtithe Stáit a spreagadh chun tacú le hathbhreithniú éifeachtach, iomlán ar oibríocht CWC agus chun páirt a ghlacadh san athbhreithniú sin agus sa chomhthéacs sin a dtiomantas don norm domhanda bunúsach i gcoinne úsáid arm ceimiceach a athdhearbhú;

ii. Cur chun feidhme éifeachtach agus náisiúnta iomlán CWC, arna ndéanamh ag na Stáit is Páirtithe de réir Airt. VII, a chur chun cinn chun;

iii. Aontachas uilíoch ar CWC a chur chun cinn;

iv. Bearta ón Aontas a bhfuil comhaontú ann ina leith a chur chun cinn ar bearta darb aidhm CWC a neartú iad;

v. Infheictheacht ghníomhaíocht sheanbhunaithe shubstainteach an Aontais a chur chun cinn chun tacú le CWC;

vi. Ráitis agus páipéir oibre a eisiúint, de réir mar is cuí, ionas go gcuirfidh Stáit is Páirtithe san áireamh iad;

vii. Tacú leis an rannpháirtíocht is leithne is féidir sna obair ullmhúcháin agus le freastal arna dhéanamh ag ionadaithe eagraíochtaí idirnáisiúnta, an tionscail ceimicigh, an tsaoil acadúil, na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha.

**Gníomhaíocht an Aontais chun tacú le CWC agus OPCW ó 2004-2023**

An 22 Samhain 2004, ghlac an Chomhairle an chéad Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/797/CBES maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí i gcreat chur chun feidhme straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne leathadh na n-arm ollscriosta. Tar éis na Gníomhaíochta Comhpháirtí sin, tháinig Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/913/CBES ón gComhairle arna ghlacadh an 12 Nollaig 2005; Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2007/185/CBES ón gComhairle arna ghlacadh an 19 Márta 2007; Cinneadh 2009/569/CBES ón gComhairle arna ghlacadh an 27 Iúil 2009; Cinneadh 2012/166/CBES ón gComhairle arna ghlacadh an 23 Márta 2012; Cinneadh 2013/726/CBES ón gComhairle arna glacadh an 9 Nollaig 2013; Cinneadh 2014/906/CBES ón gComhairle an 16 Nollaig 2014 lena leasaítear Cinneadh 2013/726/CBES chun tacú le Rún 2118 (2013) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Comhairle Feidhmiúcháin OPCW EC-M-33/DEC 1; Cinneadh 2015/259/CBES ón gComhairle arna ghlacadh an 17 Feabhra 2015; Cinneadh (CBES) 2015/2215 ón gComhairle arna ghlacadh an 30 Samhain 2015 chun tacú le Rún 2235 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe;

Cinneadh 2017/1252/CBES ón gComhairle arna ghlacadh an 11 Iúil 2017 chun tacú le sábháilteacht agus slándáil ceimiceán a neartú san Úcráin i gcomhréir le cur chun feidhme Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le neamhleathadh arm ollscriosta agus na modhanna lena seachadtar iad; Cinneadh 2017/2302/CBES ón gComhairle arna ghlacadh an 12 Nollaig 2017 chun tacú le gníomhaíochtaí OPCW chun cabhrú le hoibríochtaí glantacháin ag an iar-láithreán stórála arm ceimiceach sa Libia; Cinneadh (CBES) 2017/2303 ón gComhairle arna ghlacadh an 12 Nollaig 2017 chun tacú le cur chun feidhme leanúnach Rún 2118 (2013) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

Ón gceathrú Comhdháil Athbhreithniúcháin in 2018, ghlac an Chomhairle na Cinntí eile seo a leanas chun tacú le CWC agus OPCW. Cinneadh (CBES) 2018/294 ón gComhairle arna ghlacadh an 26 Feabhra 2018 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/259 chun tacú le gníomhaíochtaí OPCW; Cinneadh (CBES) 2018/1943 ón gComhairle arna ghlacadh an 10 Nollaig 2018 mar shíneadh gan chostas ar CD chun tacú le cur chun feidhme leanúnach Rún 2118 (2013) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus cinneadh EC-M-33/DEC.1 ó Chomhairle Feidhmiúcháin OPCW maidir le díothú airm cheimiceacha na Siria; Cinneadh (CBES) 2019/538 ón gComhairle arna ghlacadh an 1 Aibreán 2019 chun tacú le gníomhaíochtaí OPCW; Cinneadh (CBES) 2019/1092 ón gComhairle arna ghlacadh an 26 Meitheamh 2019 lena leasaítear Cinneadh(CBES) 2017/2302 chun tacú le gníomhaíochtaí OPCW chun cabhrú le hoibríochtaí glantacháin ag an iar-láithreán stórála arm ceimiceach sa Libia; Cinneadh (CBES) 2019/2112 ón gComhairle arna ghlacadh an 9 Nollaig 2019 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/2303 chun tacú le cur chun feidhme leanúnach Rún 2118 (2013) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus cinneadh EC-M-33/DEC.1 ó Chomhairle Feidhmiúcháin OPCW maidir le díothú airm cheimiceacha na Siria; Cinneadh (CBES) 2021/1026 ón gComhairle a glacadh an 21 Meitheamh 2021 chun tacú le Clár Cibearshlándála agus Athléimneachta agus Dearbhaithe Faisnéise OPCW; Cinneadh (CBES) 2021/2073 ón gComhairle arna ghlacadh an 25 Samhain 2021 chun tacú le héifeachtacht oibríochtúil OPCW a fheabhsú trí íomhánna satailíte; agus Cinneadh (CBES) 2022/573 ón gComhairle arna ghlacadh an 7 Aibreán 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/538 chun tacú le gníomhaíochtaí OPCW.